C/2025/3644

2.7.2025

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3644)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**'Canon Fronsac'**

**PDO-FR-A0924-AM01 — 10.4.2025**

1. **Ainm an táirge**

'Canon Fronsac'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Conseil des vins de Fronsac [Bord Fíona Fronsac]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar ATFC 'Buzet' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad, is é sin:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis. Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Limistéar geografach*

Tugadh an limistéar geografach cothrom le dáta ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil INSEE 2024.

Déanann an leasú sin difear don roinn dar teideal 'Limistéar geografach críochaithe' den doiciméad aonair.

2. *Limistéar díreach in aice láimhe*

Tugadh an limistéar díreach in aice láimhe cothrom le dáta ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil INSEE 2024.

Déanann an leasú sin difear don roinn dar teideal 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair.

3. *Cineálacha fíniúna*

Tá Cot N (nó Malbec), a áiríodh ar dtús i liosta na gcineálacha tánaisteacha, ina phríomhchineál fíniúna anois.

Is é is cuspóir don leasú sin na táirgí a oiriúnú don athrú aeráide. Oireann an cineál Malbec go foirfe don mhéadú ar theochtaí a fheictear in Gironde. Aibíonn an cineál déanach sin níos fearr amach sa séasúr agus cuidíonn sé le Merlot a fhrithchothromú, a bhfuil a neart alcóil ag dul i méid leis an athrú aeráide.

Deimhníodh le linn ócáidí blaiste bliantúla nach n-athraíonn an t-athrú sin saintréithe orgánaileipteacha na dtáirgí go mór.

Déanann an leasú sin difear don roinn dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach' den doiciméad aonair.

4. *Modh treoraithe*

Cuireadh ceanglas isteach maidir le fíniúnacha marbha a bhaint de na dáileachtaí talún.

Leasaíodh an tuairisc ar an limistéar ar féidir srianadh ceimiceach fiaile a dhéanamh air. Sloinntear anois é mar 30 cm ar gach taobh den tsraith fíniúnacha.

Cuireadh ceanglas isteach chun an t-innéacs minicíochta cóireála a ríomh.

Leis na hathruithe, tugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha agus chomhshaoil. Fágtar leo gur féidir leas iomlán a bhaint as na cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

5. *Cumasc*

Leasaíodh an téacs maidir le cumasc chun athrá a bhaint. Is é is aidhm don leasú sin a fhágáil go bhfuil sé níos éasca an tsonraíocht táirge a thuiscint.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

6. *Caighdeáin anailíseacha*

Scriosadh na caighdeáin anailíseacha le haghaidh fíonta pacáistithe (aigéadacht luaineach agus cion iomlán dé-ocsaíde sulfair) chun na caighdeáin a leagtar síos i reachtaíocht na hEorpa a chur i bhfeidhm.

Déanann an leasú sin difear don roinn dar teideal 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' den doiciméad aonair.

7. *Aosú*

Laghdaíodh an tréimhse aosaithe 2,5 mí, ar tréimhse í a mhaireann go dtí an 1 Meitheamh den bhliain tar éis na buainte.

Is é is aidhm don leasú sin fíonta níos torthaíche a tháirgeadh. Leis sin freisin, beifear in ann soláthar a dhéanamh don mhargadh le linn thréimhse an tsamhraidh agus raon na bhfíonta a éagsúlú trí fhíonta *cuvée* a aosaítear i mbairillí ar feadh bliain amháin nó níos faide, agus fíonta torthaíocha a aosaítear i ndabhcha a thairiscint. Ar an mbealach sin, beifear in ann na fíonta a sholáthar do mhiondíoltóirí móra agus éileamh méadaitheach na dturasóirí sa réigiún a shásamh.

Deimhníodh le linn ócáidí blaiste bliantúla go bhfuil tionchar fíorbheag ag an athrú sin ar shaintréithe orgánaileipteacha na dtáirgí.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

8. *An dáta a chuirtear ar an margadh é lena dhíol leis an tomhaltóir*

Tar éis an aosaithe, cuirtear na fíonta ar an margadh le díol leis an tomhaltóir ón 30 Meitheamh den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Tá an leasú sin i gcomhréir leis an laghdú ar fhad na tréimhse aosaithe agus níl aon tionchar aige ar an táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

9. *Dáta na cúrsaíochta idir trádstórais údaraithe*

Baineadh an riail sin den tsonraíocht chun gur féidir le fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir na hoibreoirí uile agus chun aon riosca iomaíochta éagóraí a bhaint.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

10. *Nasc*

Cuireadh abairt isteach i gcomhréir leis an leasú ar na rialacha maidir le cumasc agus Cot N a chur isteach mar phríomhchineál fíniúna.

Leasaíodh fad na tréimhse aosaithe freisin.

Déanann na leasuithe sin difear don roinn dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach' den doiciméad aonair.

11. *Bearta idirthréimhseacha*

Scriosadh na bearta idirthréimhseacha a chuaigh in éag – maidir le cineálacha fíniúnacha agus modhanna treoraithe.

Is é is aidhm don leasú sin a fhágáil go bhfuil an tsonraíocht táirge níos éasca a léamh.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

12. *Tagairtí*

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de l'origine et de la qualité, INAO) cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Canon Fronsac

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Is fíon socair, tirim é an fíon. Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta. Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 %. Bíonn cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,30 gram in aghaidh an lítir ag gach baisc fíona a dhíoltar (ar an mórchóir nó i bpacáistíocht). Bíonn méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir ag gach baisc fíona a dhíoltar (ar an mórchóir nó i bpacáistíocht). Bíonn leibhéal aigéadachta luainí ag gach baisc fíona a dhíoltar (ar an mórchóir) atá níos lú ná 13,26 milleachoibhéis in aghaidh an lítir nó cothrom leis sin, nó 0,79 g in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach (0,65 g in aghaidh an lítir arna shloinneadh in $H_2SO_4$). Bíonn cion iomlán dé-ocsaíde sulfair níos lú ná nó cothrom le 140 mg in aghaidh an lítir i ngach baisc fíona a dhíoltar (ar an mórchóir). Is í an aigéadacht iomlán an aigéadacht a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Táirgtear an fíon trí úsáid a bhaint as cineál Merlot N, in éineacht go minic leis na cineálacha Cabernet Franc N agus Cabernet Sauvignon N, a sholáthraíonn úire agus struchtúr, rud a mhéadaíonn acmhainneacht aosaithe agus castacht aramatach na bhfíonta. Is é an cineál Malbec an ceathrú cineál is mó a chuirtear i ndiaidh Merlot, Cabernet Franc agus Cabernet Sauvignon. Bíonn rath air freisin in ithreacha cailcreacha, cré-ghairbhéil nó cré-aolchloiche. In éineacht leis na cineálacha Merlot agus Cabernet, tugann sé leithead tainneach níos mó don fhíon, a mbaineann dea-bholaithe torthaí beaga dubha agus liocrais leis. Is é an toradh a bhíonn ar na cineálacha fíniúna sin fíon ar a mbíonn dath dearg dian agus imireacha corcra nó rúibín agus boladh cumhachtach a mbíonn bolaithe aramatacha de thorthaí dearga (sméar dubh, silíní, cuiríní dubha) mar shaintréith de go minic. Le linn an aosaithe, is féidir leo sin teacht chun bheith ina gcumhracht chasta, ar a mbíonn bolaithe strufail uaireanta, ar a mbíonn bolaithe géimiúla nó spíosracha uaireanta eile, ag brath ar an gcineál ithreach. Comhlíonann na luachanna anailíseacha eile, mar réamhshocrú, reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe suas le ráta tiúchana 15 %. Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 %. De bhreis ar na forálacha thuas, ní mór na cleachtais fhíoneolaíocha a ghlactar le haghaidh na bhfíonta a bheith i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus Iascaigh.

An modh saothraithe

Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Ní ceadmhach an spásáil idir sraitheanna na bhfíniúna a bheith níos mó ná 2 mhéadar, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,80 méadar ar a laghad.

Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog nochta (céim Lorenz 9) ar a dhéanaí, agus úsáid á baint as na teicnící seo a leanas: prúnáil Guyot aonair nó dhúbailte, prúnáil spoir (gearr) (prúnáil tródaim nó feanphrúnáil), nó prúnáil cána (fada) agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda. Ní fhéadfaidh na cánaí ag forluí ar a chéile i gcás ar bith.

Ní cheadaítear uisciú le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha ach amháin má chuireann triomach leanúnach isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch cheart na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

5.2. *Uastáirgeacht*

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, próiseáiltear agus aosaítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Gironde, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 20 Feabhra 2024: Fronsac agus Saint-Michel-de-Fronsac.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carmenère N

Cot N – Malbec

Merlot N

Petit Verdot N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc: Tá limistéar geografach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Canon Fronsac', atá suite ar bhruach deas Abhainn Dordogne san áit a dtagann sí féin agus Abhainn Isle le chéile, suite in iardheisceart limistéar geografach ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Fronsac', i mbardais Saint-Michel-de-Fronsac agus Fronsac. Tá an t-ainmniúchán sin suite in oirthuaisceart roinn Gironde, scartha ó Libourne ar an taobh thoir ag gleann Isle. Ar theorainn an Atlantaigh, tá aeráid mhuirí mheasartha i réigiún Gironde ina bhfuil éagsúlachtaí measartha teochta, rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach don fhíonsaothrúchán. Cuidíonn leicne cnoc réasúnta géar agus gaireacht an dá abhainn, Dordogne agus Isle, leis na fíniúnacha a chosaint ar shioc agus ar charnadh aeir fhuar. Tá an aeráid mhuirí dothuartha, rud a fhágann, i roinnt blianta, go mbíonn tréimhsí báistí agus brú íseal san fhómhar, nó, os a choinne sin, go mbíonn tréimhsí teo agus an-ghrianmhara amach sa séasúr. Cruthaíonn an inathraitheacht sin 'éifeacht na bliana fíona' shuntasach. Cuidíonn leicne cnoc réasúnta géar agus gaireacht an dá abhainn, Dordogne agus Isle, leis na fíniúnacha a chosaint ar shioc agus ar charnadh aeir fhuar. Tá an tír-raon garbh, agus is suntasach an iliomad airdí carraigeacha ann atá suite os cionn abhainn Dordogne. Áirítear orthu sin mullach 61 mhéadar Tertre de Canon, ar a bhfuil *châteaux* iontacha óna bhfuil radhairc fhorleathana ar ghleann Dordogne. Is gnáth-thírdhreach é de thírdhreacha fíonsaothrúcháin Libourne, ina bhfuil cnoic bheaga agus gleannta beaga, ina bhfuil leicne cnoc a bhfuil starradh faoi chrainn ar an imeall orthu, ag breathnú amach ar an Dordogne agus atá clúdaithe i bhfíonghoirt. Tá na fíonghoirt breac le sráidbhailte ina bhfuil tithe aolchloiche ar a bhfuil díonta tílithe agus séipéil a tógadh sa 11ú, 12ú, agus 13ú céad. Tá na dáileachtaí talún atá beartaithe le haghaidh buaint fíonchaor ina gcuid de limistéar atá críochaithe go beacht lena n-eisiatar limistéir ghláracha i ngleann íochtarach Dordogne, rud a chiallaíonn nach bhfástar fíniúnacha ach ar leicne na gcnoc. Ón mbun go dtí airdí an ardchláir tá sraith foirmíochtaí Treasacha ann: - lomáin 'molasse du Fronsadais' i ngleann Dordogne, arb é is saintréith dóibh gaineamh de ghairbhe éagsúil agus a mbíonn gaineamhchloch nó cré ghainmheach ag gabháil leo uaireanta; - Aolchloch 'Castillon' a chruthaíonn starradh, atá faoi chrainn den chuid is mó, a ritheann fad an ardchláir feadh an Dordogne; - 'Calcaire à Astéries' [aolchloch crosóige mara], an-éagsúil ó thaobh cineáil de, de dhlús éagsúil, iontaiseach nó i seilfeanna measctha le gaineamh cré agus aolchloiche agus clúdaithe le cré ghainmheach thanaí nó le snaíochar gairbhéil. Tá fíonghoirt Canon Fronsac suite ar na fánaí moláis, áit ar cruthaíodh ithreacha donna cailcreacha, agus formhór mór díobh ar an ardchlár ar leaba 'Calcaire à Astéries', áit ar cruthaíodh ithreacha cré-aolchloiche nó cré-ghainmheacha.

b) Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc: Faoi fhorghabháil na Róimhe ar an gGaill le linn *Pax Romana*, ba iad na Rómhánaigh na céad daoine a bhunaigh cáil nuabhunaithe réigiún Fronsac, a bhfuil dlúthbhaint ag a stair le teacht chun cinn an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Canon Fronsac'. Níor mheas na Rómhánaigh gur fíniúnacha maithe iad na fíniúnacha nár socraíodh i sraitheanna srathacha ar leiceann an chnoic. Sa 17ú céad, réitigh teacht an Chairdinéil Richelieu an bealach don cháil a thiocfadh ar fhíonta Fronsac i sochaí na huasaicme. Nuair a fuair sé tailte Fronsac in 1633, d'fhág sé mar oidhreacht iad ag leanaí a dheirféar is óige. San 18ú céad, fágadh Diúcacht Fronsac le hoidhreacht ar Louis-François Armand du Plessis, ar a dtugtaí 'Fronsac' agus arbh é mac gharnia Chairdinéal Richelieu agus Marascal Diúc Richelieu. Rinne an Marascal, a raibh cáil air as a bhealaí ainrianta agus arbh é Casanova a chara, níos mó ar son cáil fhíonta Fronsac ná aon státaire eile. Le linn na gcóisirí suirí a bhí aige ina áit chónaithe – pálás pléisiúir ar stíl na hIodáile – bhíodh sé i bhfách na fíonta sin a úsáid ag cúirt Versailles. Mar thoradh air sin, thiocfadh fíonta Fronsac agus Canon Fronsac chun bheith san fhaisean ba nuaí i bPáras, agus dúradh gur 'rogha *tisane* [insileadh luibhe] Richelieu' iad'. Mar sin féin, tháinig an t-am cinniúnach do cháilíocht fhíonghoirt Canon Fronsac ag deireadh an 18ú céad, nuair a cheannaigh ceannaithe ó Libourne (Fontemoing, Boyer agus Lafon) eastáit ar tháinig cáil níos mó agus praghsanna níos airde ar a bhfíonta. Rinne na daoine sin athrú ó bhonn ar an bhfíonsaothrúchán trí chineálacha a roghnaíodh go cúramach a chur in ionad seanfhíniúnacha fánacha, agus trí na fíonta a aosú. Dá bhrí sin, dar leis an Ollamh Henri Enjalbert, rinneadh 'tobar stairiúil fhíonta iontacha Libournais' (Enjalbert, H.

– *Les Grands Vins de Saint-Emilion, Pomerol agus Fronsac* [Fíonta iontacha Saint-Emilion, Pomerol agus Fronsac] – 1983) de Canon Fronsac. Aithníodh an t-ainmniúchán 'Canon Fronsac', ar simplíodh a ainm in 1964, ar dtús le foraithne an 1 Iúil 1939 faoin ainm 'Côtes de Canon Fronsac'. Le blianta fada anuas, tá limistéar talmhaíochta an ainmniúcháin sin dírithe go hiomlán ar shaothrú fíniúnacha. Mar is amhlaidh le fíonta uile Libournais, tá an táirgeadh fós faoi chúram teaghlaigh, ina bhfuil thart ar 50 eastát fíonsaothrúcháin a bhfuil achar dromchla sé heicteár ar an meán acu. In 2010, chumhdaigh fíonghoirt an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Canon Fronsac' 270 heicteár, lenar bhain meántáirgeacht bhliantúil 11 000 heictilítear.

Táirgeann na fíonghoirt fíonta socra dearga trí úsáid a bhaint as an gcineál Merlot N, atá oiriúnach go maith do na fánaí cré-aolchloiche, áit a n-aibíonn sé go maith. Is minic a chumasctar an cineál sin leis na cineálacha Cabernet Franc N agus Cabernet Sauvignon N, a sholáthraíonn úire agus struchtúr, rud a mhéadaíonn acmhainneacht aosaithe agus castacht aramatach na bhfíonta sin. Is é an cineál Malbec an ceathrú cineál is mó a chuirtear i ndiaidh Merlot, Cabernet Franc agus Cabernet Sauvignon. Bíonn rath air freisin in ithreacha cailcreacha, cré-ghairbhéil nó cré-aolchloiche. In éineacht leis na cineálacha Merlot agus Cabernet, tugann sé leithead tainneach níos mó don fhíon, a mbaineann dea-bholaithe torthaí beaga dubha agus liocrais leis. Is é an toradh a bhíonn ar na cineálacha fíniúna sin fíonta ar a mbíonn dath dearg dian agus imireacha corcra nó rúibín agus boladh cumhachtach a mbíonn bolaithe aramatacha de thorthaí dearga (sméar dubh, silíní, cuiríní dubha) mar shaintréith de go minic. Le linn an aosaithe, is féidir leo sin teacht chun bheith ina gcumhracht chasta, ar a mbíonn bolaithe strufail uaireanta, ar a mbíonn bolaithe géimiúla nó spíosracha uaireanta eile, ag brath ar an gcineál ithreach. Féadfaidh seanchineálacha Bordeaux de Carmenère N agus Petit Verdot N (suas le huasmhéid 10 % an ceann) na cineálacha fíniúna thuas a fhorlíonadh. Go han-luath, bhí limistéar Canon, arb iad a fhánaí, a chnoic bheaga, a ghleannta creagacha, a hidreagrafaíocht (screamhuisce a bheith ann), leicne cnoc grianmhara, an aeráid agus calafoirt a bhfuil rochtain éasca orthu a shaintréithe, ina limistéar fíonsaothrúcháin den scoth. Rinneadh é a chríochú den chéad uair le breithiúnas an 19 Bealtaine 1928 agus ar achomharc le breithiúnas ó Chúirt Bordeaux an 11 Iúil 1932, lenar tugadh an ceart d'úinéirí talún san áit iontach sin an t-ainmniúchán 'Canon' a chur leis an ainm 'Côtes de Fronsac'. Sainmhínítear sa bhreithiúnas sin an limistéar de réir a theorainneacha seachtracha i gcuid de bhardas Saint-Michel-de-Fronsac agus i gcuid de bhardas Fronsac. Áirítear sa limistéar dáileachta talún atá ainmnithe chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán 'Canon Fronsac' na dáileachtaí talún atá suite ar ardchláir chailcreacha, a dhraenálann go héasca mar gheall ar a dtréscaoilteacht, nó ar na fánaí moláis, lena n-éascaítear sreabhadh an uisce. Thairis sin, eisiatar na dáileachtaí talún atá suite ar shil-leagain ghláracha nua-aimseartha (ar a dtugtar *palus*) ar thaobh na habhann, dá dtagraítear i mbreithiúnas Chúirt Bordeaux 1932. Áirithítear leis na dáileachtaí talún críochaithe sin forbairt optamach na gcineálacha fíniúna áitiúla, an cineál Merlot N go háirithe. Roghnaíodh na cineálacha sin le himeacht ama dá gcáilíochtaí coinneála agus aosaithe. Chun saintréithe na n-ithreacha a chaomhnú, ar gné bhunúsach iad, ní fhéadfar aon athrú substaintiúil a dhéanamh ar chruth ná ar chomhrianta an tírdhreacha ná ar sheicheamh peideolaíoch nádúrtha na ndáileachtaí talún atá beartaithe chun fíonta a tháirgeadh faoin ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Canon Fronsac. Áirithítear leis na dáileachtaí talún críochaithe sin forbairt optamach na gcineálacha fíniúna áitiúla a roghnaíodh le himeacht ama. Ón gcéad lá ar fásadh fíniúnacha ar fhánaí Canon, tá daoine ag oiriúnú an tsaothraithe go mall don *terroir* agus don aeráid ar leith. Ó bhí an 17ú céad agus an 18ú céad ann, úsáidtear *échalas* [cuaillí tacaíochta], agus treilísiú ina dhiaidh sin agus rinneadh an modh prúnála a oiriúnú chun buaint fíonchaor dea-dháilte agus achar duilliúir leordhóthanach le haghaidh fótaisintéise agus na haibíochta is fearr is féidir a áirithiú. Bhí dlús plandaithe á chur san áireamh cheana féin ag an am sin ionas nach mbeadh an iomarca plandaí in aghaidh an fhíonghoirt. An tráth céanna, tá méadú de réir a chéile tagtha ar shaineolas maidir le haosú fíona mar thoradh ar mhian leanúnach na bhfíonsaothraithe feabhsú, fíonsaothraithe a tháirgeann fíonta ar féidir iad a aosú ar feadh tréimhse an-fhada, a bhuí leis an *terroir* eisceachtúil. Aosaítear na fíonta ar feadh roinnt míonna, rud is gá chun iad a chobhsú agus chun an teaglaim tainniní agus antóiciaininí a bhaint amach a thugann a maothlachas leordhóthanach dóibh agus a áirithíonn an fhorbairt is fearr sula gcuirtear ar an margadh iad. Bhí an-aithne ar an réigiún sin, atá mar chuid de thírdhreach Libourne, dhá chéad bliain ó shin, mar a léirítear le saothar Cocks agus Féret 'Les vins de Bordeaux' [Fíonta Bordeaux] (1868), ina luaitear'...táirgeann leiceann cnoic álainn Canon fíon tathagach, teann, te, cumhra lena mbaineann fíneáltacht, galántacht agus ar a bhfuil cáil uilíoch'. Sa lá atá inniu ann, coinníonn ainmniúchán 'Canon Fronsac' a cháil stairiúil i measc fhíonta móra Bordeaux a bhuí le críochú docht dáileachtaí talún agus cleachtas a dhíorthaítear ó thraidisiúin ársa atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfaidh fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' a shonrú ar a lipéid. Ní mór ainm an aonaid gheografaigh níos leithne a bheith clóite i litreacha nach mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Cuimsíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú chun na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, críoch na mbardas seo a leanas de roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 20 Feabhra 2024: Galgon, Lugon-et-l'Ile-du-Carnay, La Rivière, Saillans, Saint-Aignan, Saint-Germain-de-la-Rivière agus Villegouge.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-b0eb7c82-3441-4923-952b-3e6b78a45ded